Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0028

Leasú a dhéanamh ar Rialacháin maidir le táirgí talmhaíochta a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh agus bearta tacaíochta earnála san earnáil fíona agus do tháirgí fíona cumhraithe

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2026 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe (COM(2025)0137 – C10-0058/2025 – 2025/0071(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0137),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 42, an chéad mhír, agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0058/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Iúil 2025[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 2 Iúil 2025[2],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus

---

1 IO C, C/2025/5161, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5161/oj.

2 IO C, C/2025/4418, 29.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4418/oj.

don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 16 Nollaig 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A10-0220/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (Sraith C);

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P10_TC1-COD(2025)0071

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Feabhra 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 251/2014 agus (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2026/471.)

Ráiteas ón gCoimisiún tráth a glacadh Rialachán (AE) 2026/471 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026[1] lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 251/2014, agus (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le rialacha margaidh áirithe agus bearta tacaíochta earnála áirithe in earnáil an fhíona agus le haghaidh táirgí fíona cumhraithe, agus Rialachán (AE) 2024/1143 a mhéid a bhaineann le rialacha lipéadaithe áirithe le haghaidh deochanna biotáilleacha

Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall an méid seo a leanas a chur i láthair an tsainghrúpa nó an choiste ábhartha in 2026:

1) dréachtghníomh cur chun feidhme lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/274 a bhaineann leis an bhféidearthacht leathnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm **an nós imeachta simplithe maidir le húdaruithe athphlandaithe a dheonú** a leagtar síos in Airteagal 9 den Rialachán sin.

2) dréachtleasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, chun córas de chuid an Aontais a shainiú, córas lena ndéantar **na modhanna leictreonacha** dá dtagraítear in Airteagal 119(4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a léiriú ar an bpacáiste nó ar lipéad táirgí fíniúna.

3) dréachtleasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún chun an fhéidearthacht fíonta dí-alcólaithe nó páirt-dhí-alcólaithe a chumasc le fíonta socra chun fíonta páirt-dhí-alcólaithe a tháirgeadh a chuimsiú sa **sainmhíniú ar ‘coupage’** (‘cumasc’).

4) dréachtghníomh tarmligthe lena leagtar síos na coinníollacha maidir le **fíonghoirt thréigthe a ghrafadh** dá dtagraítear in Airteagal 62(6) nua de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.’

---

[1] IO L, 2026/471, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/471/oj.